Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2019
(OR. en)

7868/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0002(COD)**

**CODEC 785
COPEN 129
EJUSTICE 46
JURINFO 7
DAPIX 118**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle, maidir le malartú faisnéise faoi náisiúnaigh tríú tír agus maidir leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS), agus a chuirtear in ionad Chinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 20 Eanáir 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 82(1) CFAE[2][3][4], ar aghaidh chuig an gComhairle.

[1] 5438/16.
[2] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
[3] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 agus gan dochar d'Airteagal 4 den phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
[4] I gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh ar an 13 Aibreán 2016[5].

3. Ar an 12 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[6].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 87/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis, atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

5 IO C 186, 25.5.2016, lch. 7.
6 6934/19.